M69T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé hAoine, 5 Bealtaine,      Tráthnóna, 2.00 - 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar an **Aoine, 28 Aibreán**

---

## Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí

Dhá sceitse den chuspa a bheidh sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag a bheidh sa chéad cheann. Líníocht le bailchríoch níos iomláine agus a thógfaidh timpeall tríocha nóiméad a bheidh sa dara staidiúir.

**Ní gá éadaí speisialta ar bith don chuspa.**
**Is gá na frapaí seo a leanas:**

- **Ceamara beag don chéad staidiúir**
- **Cathaoir agus spéaclaí gréine don dara staidiúir.**

Le linn an scrúdaithe beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag san iomlán a ghlacadh mar thréimhsí sosa. Is féidir babhtaí sosa a eagrú mar a oireann agus beidh siad san áireamh san uair an chloig iomlán a cheadaítear don scrúdú.

Tá cead ag na hiarrthóirí leanúint lena gcuid oibre ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa.
Deichniúr iarrthóirí ar a mhéid a cheadaítear i mbun líníochta le cuspa amháin.
Ba chóir ligean d'iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa agus an dara staidiúir ar siúl.

# Treoracha d'Iarrthóirí

- Iarrtar ort **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas;

  (a) Staidiúir 15 nóiméad atá sa chéad cheann a bhfuil cur síos air sa scrúdpháipéar seo (Staidiúir (a)) agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a dhéanamh.

  (b) Líníocht, agus bailchríoch níos iomláine uirthi, den staidiúir 30 nóiméad a bhfuil cur síos air sa scrúdpháipéar seo (Staidiúir (b)), a bheidh sa dara ceann. Is féidir an fhíor iomlán a roghnú **nó** an cloigeann agus na guaillí / leathfhíor.
  N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / leathfhíor meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór an staidiúir a tharraingt mar atá sé socraithe, agus an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair ar a laghad a bheith san áireamh.

- Ní mór an líníocht a dhéanamh ó bhreathnú go díreach ar an gcuspa.

- Tá cead agat leanúint leis an obair ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa.

- Méid an pháipéir: A2.

- Más mian leat páipéar éagsúil a úsáid seachas an páipéar a thugtar duit, ní mór don fheitheoir cúl na bileoige a shíniú lena dheimhniú go bhfuil sí folamh **sula dtosaíonn** an scrúdú.

- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.

- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal atá i gceist go soiléir ar gach bileog líníochta.

- Is féidir aon mheán líníochta oiriúnach a úsáid, agus dath san áireamh. Ní mór don mheán triomú go tapa, ámh.

- Is féidir an cúlra a chur in iúl.

- Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú.

## (a) An Chéad Staidiúir – Achar ama 15 nóiméad (20 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)easamh agus***

- a m(h)eáchan anuas ar an gcos dheas
- an chos chlé beagáinín chun tosaigh
- an lámh dheas ag breith ar cheamara beag, an mhéar tosaigh ar an mbarr, an ordóg ag an mbun
- an ceamara iompaithe beagán i dtreo an urláir
- an lámh chlé ar crochadh taobh leis an gcliathán clé
- an aghaidh ag féachaint i dtreo an cheamara

## (b) An Dara Staidiúir – Achar ama 30 nóiméad (30 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)uí go díreach ar chathaoir agus***

- géag na coise deise trasna ar an ngéag chlé, agus an chos chlé anuas ar an urlár
- géag na láimhe clé agus an lámh chlé ar feadh na coimlíne
- an smig agus an leathaghaidh dheas anuas ar dhearna na láimhe deise
- an uillinn dheas anuas ar an rosta clé
- an cloigeann ag féachaint chun tosaigh
- spéaclaí gréine anuas ar bharr an chloiginn

**Leathanach Bán**